# **Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí - Ráiteas Príobháideachais**

Tiocfaidh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ar fud an Aontais Eorpaigh agus féachtar, leis, le cearta breise, rialú agus tuiscint bhreise a thabhairt do dhaoine aonair faoin tslí a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil.

Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ceanglaítear ar an Roinn Oideachais agus Scileanna tú a choimeád ar an eolas maidir leis na cineálacha sonraí atá againn fútsa agus faoi do leanbh, cuspóirí na sonraí sin, agus do chearta maidir leis an tslí a bpróiseáiltear iad.

Is gá don Roinn Oideachais agus Scileanna, a dhéanann soláthar d'oideachas agus d'oiliúint na ndaoine a chónaíonn sa Stát seo, sonraí pearsanta áirithe a bhailiú ar gach foghlaimeoir d'fhonn a feidhm a chomhlíonadh. I gcás daltaí bunscoile, coinnítear na sonraí ar Bhunachar Sonraí ar Líne na mBunscoileanna (POD). Is ar bhonn na sonraí a choinnítear ar POD a leithdháiltear acmhainní ar na scoileanna agus a dhéantar tuairisciú staitistiúil ar an oideachas; úsáidtear iad, leis, chun taighde agus anailís a dhéanamh ar oibriú an chórais oideachais agus chun beartais a mhúnlú do thodhchaí an chórais. Comhroinntear sonraí leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaigh do chuspóirí bailíochtaithe, agus leis an Phríomhoifig Staidrimh faoi Alt 31 den Acht Staidrimh maidir le tuairisciú agus anailís staitistiúil.

Gheofar an Fógra Príobháideachta iomlán, ina dtugtar eolas breise ar na sonraí atá i seilbh na Roinne, ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag an nasc thíos, mar a bhfaighfear sonraí iomlán bheartas cosanta sonraí na Roinne ina leagtar amach an úsáid a bhainfidh an Roinn as sonraí do linbh, chomh maith le heolas maidir le cearta do linbh mar ábhar sonraí. https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/.

Má tá aon cheist agat maidir le POD nó na sonraí a choinnítear ann, is féidir téigh i dteagmháil le Dheasc Chabhrach POD ag 01 289 2311 nó pod@education.gov.ie